Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025 (OR. en)**

**15733/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0375 (NLE)**

**ECOFIN 1568**
**UEM 568**
**FIN 1421**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 721 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 721 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 721 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
COM(2025) 721 final

2025/0375 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire

{SWD(2025) 377 final}

2025/0375 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Chipir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4], an 21 Eanáir 2025 agus an 20 Meitheamh 2025[5].

(2) An 5 Samhain 2025 rinne an Chipir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCipir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 121 bheart.

(4) Mhínigh an Chipir nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh toisc go bhfuil méadú tagtha ar chostas chur chun feidhme an bhirt mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin le C3.4I6a Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise agus C4.2I2

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 Féach doiciméid: ST 10686/21 INIT, ST 10686/21 ADD 1.
3 Féach doiciméid: ST 15571/23 INIT, ST 15571/23 ADD 1, ST 15571/23 ADD 1 COR 1.
4 Féach doiciméid ST 11806/24 INIT, ST 11806/24 ADD 1.
5 Féach doiciméid ST 17052/24 INIT, ST 17052/24 ADD 1, ST 9585/25 INIT, ST 9585/25 ADD 1.

Digiteáil Údarás Calafort na Cipire. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Chipir nach féidir seacht mbeart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar mhéaduithe gan choinne ar an éileamh. Baineann sé sin le C1.1I5 Ospidéil Stáit na Cipire a fheabhsú, a nuachóiriú agus a uasghrádú; C2.1I2 Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais; C2.1I9 Cosaint dóiteáin foraoisí; C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn; C2.3I5 Bearta friththuilte agus bailithe uisce; C2.3I6 Slándáil uisce a fheabhsú do réigiúin na Niocóise agus Larnaca agus C6.1I1 Beart méadaithe: Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Chipir nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le C2.1I5 Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí; C2.3I3 Córas Comhtháite Bainistíochta Faireacháin agus Rialaithe do bhonneagar na Roinne Forbartha Uisce; C2.3I4 Bainistiú Líonraí Cliste Uisce agus Séarachais; C3.1I11 Líonra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus líonra Pointí Bailiúcháin agus Cúinní Athchúrsála a chruthú; C3.4I5 Cathracha Cliste agus C6.1I3 Uasghrádú fairsing fuinnimh ar stoc tithíochta a chur chun cinn. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Chipir nach féidir seacht mbeart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le C2.3I1 Athsholáthar Choirokitia- Famagusta Conveyor; C2.1I11 Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn 'Idirnascaire EuroAsia'; C2.1I4 Laghdú ar astaíochtaí CO2 i ngnólachtaí a spreagadh; C3.1I1 Tógáil dobharshaothraithe mhuirí; C3.4I2 Digiteáil an phróisis reachtóireachta; C3.4I6b Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise agus C3.4I9 Scéim Cabhrach don earnáil phríobháideach agus phoiblí le haghaidh deimhniú le ISO 37001 (Frithbhreabaireacht). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go mbainfí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Chipir nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le C1.1I4 Creidiúnú ospidéal poiblí agus príobháideach; C2.1I3 Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú; C3.1R3 Feabhas géiniteach ar líon caorach agus gabhar na Cipire; C5.1R1 Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas); C5.1R2 Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile agus C5.2I2 Ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid cúraim leanaí a bhunú. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Chipir nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le C6.1I2 Beart méadaithe: Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Chipir nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar dhúshláin dhlíthiúla gan choinne sa chur chun feidhme. Baineann sé sin le C2.1I7 Ollsuiteáil agus oibriú an Bhonneagair Méadraithe Chliste ag Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) (Ardbhonneagar Méadraithe); C2.2I1 Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsúcháin inrochtaineachta a chur chun feidhme agus C5.2I3 Struchtúir bhaile a bhunú le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an Chipir nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar shaincheisteanna teicniúla maidir leis an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le C5.1I1 Tógáil Samhailscoile Teicniúla amháin agus C4.2R2 Beartas nua néalríomhaireachta a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le córais agus seirbhísí TF rialtais. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Tá mínithe ag an gCipir go bhfuil naoi mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le C3.3R3 Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí; C3.3R5 Infheisteoir Straitéiseach Stocmhalartán na Cipire; C3.5R1 An creat dlíthiúil maidir le Bainistiú Géarchéime d’Institiúidí Creidmheasa; C3.1R5 Comhlacht Comhordúcháin a bhunú idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil; C3.2R3 Beartais agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun rochtain ar bhonneagar taighde agus ar shaotharlanna a mhaoinítear go poiblí a éascú agus a chothú; C3.5R5 Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt; C3.5R8 Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú; C5.2R2 Socruithe Oibre Solúbtha i bhFoirm Teilea-oibre agus C5.2I1 Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú. Ar an mbonn sin, d’iarr an Chipir na bearta thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(13) Tá mínithe ag an gCipir go bhfuil 75 bheart leasaithe chun roghanna mhalartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le C1.1R1 An Lárionad Náisiúnta um Fhianaise Chliniciúil agus um Fheabhsú Cáilíochta; C1.1R2 Ardán leictreonach a dhearadh chun faireachas a dhéanamh ar Thomhaltas Antaibheathach Nosacómach agus ar Chúram Sláinte – Ionfhabhtuithe Gaolmhara; C1.1R3 An creat um sholáthar agus aisíocaíocht cúraim sláinte a aistriú de réir a chéile i dtreo samhlacha luachbhunaithe; C1.1I1 Áiseanna nua do Bhunaíocht Fola na Cipire agus soláthar an trealaimh freastail teicneolaíochta is déanaí; C1.1I2 Córas Nuálach Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) Sláinte Phoiblí na Cipire; C1.1I3 Trealamh leighis a cheannach/a athsholáthar in ospidéil; C1.1I6 Ríomhsheirbhísí sláinte cineálacha trasteorann a chur in úsáid sa Chipir; C1.1I7 Córas rabhaidh phoiblí chun tacú le hoibríochtaí éigeandála trí SMS; C2.1R1 Cánachas comhshaoil; C2.1I1 Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chur

chun cinn; C2.1I6 Bonneagar tástála fuinnimh in-athnuaite agus eangacha cliste a uasghrádú in Ollscoil na Cipire; C2.1I8 Faireachán agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa talmhaíocht; C2.1I10 Córas Bainistíochta Margaidh chun oscailt an mhargaidh leictreachais don iomaíocht a éascú; C2.2R1 Córas Cliste Iompair a bhunú ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí an Leathchúpla Dhigitigh; C2.2R2 An creat rialála a sholáthar le haghaidh bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha (EV) atá idir-inoibritheach agus éifeachtach agus le haghaidh margadh athluchtaithe éifeachtúil feithiclí leictreacha; C2.2R3 Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe; C2.2R2 Bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a chruthú; C2.3R1 Athchóiriú ar Bhainistiú Acmhainní Uisce; C2.3I2 Gléasraí Cóireála Uisce: uasghrádú chun cáilíocht an uisce a fheabhsú; C3.1R2 Ardán ar líne chun feabhas a chur ar an siméadracht trádála agus faisnéise i slabhra soláthair na dtáirgí úra; C3.1I2 Feabhas a chur ar bhunachar sonraí iseatópach tháirgí traidisiúnta na Cipire; C3.1I6 Scéim chun nuachóiriú agus digiteáil a dhéanamh ar fhiontair atá i mbun táirgí talmhaíochta a mhonarú agus a thrádáil; C3.1I7 Scéim chun iomaíochas fiontar mór sa Chipir a fheabhsú agus/nó uasghrádú fuinnimh a dhéanamh orthu; C3.1I8 Breisluach na hearnála turasóireachta a fheabhsú; C3.1I9 An geilleagar ciorclach a chur chun cinn i mbunaíochtaí óstáin; C3.1I10 Saibhriú an táirge turasóireachta; C3.1R4 Feabhas a chur ar an ngeilleagar ciorclach sa Tionscal; C3.1I12 Bainistiú dramhaíola i dtreo an gheilleagair chiorclaigh; C3.2R1 Beartas cuimsitheach náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta le tacaíocht ó uirlisí beartais sonraíbhunaithe chun tacú leis an Éiceachóras T&N agus chun feabhas a chur ar na naisc idir ceapadh agus cur chun feidhme beartas; C3.2R2 Dreasachtaí chun infheistíochtaí agus caipiteal daonna a spreagadh agus a mhealladh sa Taighde agus sa Nuálaíocht; C3.2I1 Lároifig Aistrithe Eolais (KTO) a bhunú agus a oibriú; C3.2I2 Cláir chistiúcháin nuálaíochta agus scéimeanna cistiúcháin chun fás agus iomaíochas gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí nuálacha agus FBManna a fheabhsú; C3.2I3 Clár cistiúcháin T&N maidir leis an aistriú glas; C3.2I4 Scéimeanna cistiúcháin chun tacú le heagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí T&N maidir le détheicneolaíochtaí, lena n-áirítear saotharlanna nua a chruthú nó saotharlanna atá ann cheana a uasghrádú agus saotharlanna rúnaicmithe a fhorbairt; C3.3R2 Sásra Mearghníomhachtaithe Gnó a Fheabhsú; C3.3R4 Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú; C3.3I2 Bosca Gainimh Rialála a chruthú chun an teicneolaíocht airgeadais a chumasú; C3.3I4 Scéim chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar fhiontair; C3.3I6 Ciste cothromais Státchistithe; C3.3I1 Córas Faisnéise Comhtháite do Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla; C3.4R1 Acmhainneacht riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr; C3.4R2 Socruithe oibre solúbtha san earnáil phoiblí a rialáil; C3.4R3 Creat nua a thabhairt isteach le haghaidh próiseas meastóireachta agus roghnúcháin chun folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh agus rialacháin nua chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaithe; C3.4R4 Acmhainneacht riaracháin agus trédhearcacht a neartú trí sholáthar poiblí a ghairmiúlú agus a phróiseas a dhigiteáil a thuilleadh; C3.4I3 Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch; C3.4R6 Creat dlíthiúil nua d'Údaráis Áitiúla agus bearta tacaíochta ábhartha; C3.4R7 Comhdhlúthú talún uirbí; C3.4I4 An ríomhchóras a fheabhsú chun ceadanna tógála a eisiúint; C3.4R8 Éifeachtúlacht an Cheartais C3.4R9 Claochlú digiteach na gcúirteanna; C3.4I7 Oiliúint breithiúna; C3.5R4 Creat dlíthiúil nua agus córas malartaithe sonraí agus biúró creidmheasa; C3.5R6 An creat dócmhainneachta a threisiú agus a neartú; C3.5R9 Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach; C3.5R10 Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil Ionsaitheach Cánach; C3.5I2 Nuachóiriú ar an gCóras Custam agus Íocaíochta

Leictreonaí; C4.1R1 An tÚdarás Rialála Náisiúnta (OCECPR) a chumhachtú; C4.1R2 An Oifig Náisiúnta Inniúlachta Leathanbhanda (DEC an DMRIDP) a chumhachtú; C4.1R1 Líonraí Fíor-ardacmhainneachta a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu; C4.1I2 Uasghrádú a dhéanamh ar an nasc idirlín ionas go mbeidh sé 'réidh don ghigighiotán' agus glacadh nascachta a chur chun cinn; C4.2R1 Monarcha na Seirbhísí Digiteacha; C4.2R3 Digiteáil Nósanna Imeachta Póilíneachta maidir le Digipol; C4.2I1 Digiteáil in Aireachtaí Rialtais Láir éagsúla – Seirbhísí; C5.1R3 Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó 4 bliana d'aois; C5.1R4 Claochlú digiteach na n-aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú; C5.1R5 Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme; C5.1I2 Scileanna, Athsciliú agus Uas-sciliú; C5.1I4 Ionaid Leanaí i mBardais; C5.1I5 Tógáil Dhá Shamhailscoil Oideachais Speisialta; C5.2R1 Athchóiriú an Chórais Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta; C6.1R1 Rannpháirtíocht Custaiméirí Gníomhacha, Féintomhaltóirí Fuinnimh In-athnuaite, Pobail Fuinnimh Saoránach, Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Freagairt Éilimh a rialáil agus a éascú trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh leictreachais; C6.1R2 An creat rialála a bhunú chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an ngréasán dáileacháin; C6.1I5 Beart méadaithe: Scéim chun iomaíochas agus éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú; C6.1I6 Beart méadaithe: Clár cistiúcháin téamach um thaighde agus nuálaíocht maidir leis an aistriú glas agus C6.1I7 Taighde téamach i bhfiontair le haghaidh réitigh táirgthe, stórála, tarchurtha agus dáilte fuinnimh. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(14) Tar éis bearta a bhaint nó a leibhéal cur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an gCipir úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun trí bheart nua a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme naoi mbeart a mhéadú. Baineann sé sin leis na bearta nua seo a leanas: C3.3R7 An dlí maidir le scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche; C3.3R8 Soláthar Seirbhísí Sluachistiúcháin do Dhlí an Ghnó; C3.5R11 An creat dlíthiúil a bhunú chun aonad náisiúnta cur chun feidhme smachtbhannaí a bhunú; agus leibhéal cur chun feidhme na mbeart seo a leanas a mhéadú: C1.1I5 Ospidéil Stáit na Cipire a fheabhsú, a nuachóiriú agus a uasghrádú; C2.1I2 Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais; C2.1I9 Cosaint dóiteáin foraoisí; C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn; C2.3I5 Bearta friththuilte agus bailithe uisce; C2.3I6 Slándáil uisce a fheabhsú do réigiúin na Niocóise agus Larnaca; C3.4I6a Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise – Athchóiriú; C4.2I2 Digiteáil Údarás Calafort na Cipire agus C6.1I1 Beart méadaithe: Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go méadófaí leibhéal cur chun feidhme naoi mbeart agus go gcuirfí trí bheart nua leis.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(15) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Chipir i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(16) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an gCipir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(19) Coinneofar ar bun uaillmhian fhoriomlán chaibidil REPowerEU. Bíodh is gur laghdaíodh dhá bheart de bharr easpa éilimh nó moilleanna gan choinne sa phróiseas cur chun feidhme, méadaíodh beart eile mar gheall ar éileamh ard a rannchuidíonn go héifeachtach agus go mór leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh agus, dá bhrí sin, leis an laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an plean leasaithe go héifeachtach le cuspóirí Airteagal 19(3), pointe (da).

*Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo*

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(21) Tá éifeacht trasteorann ag formhór na mbeart ós rud é go rannchuidíonn siad leis an laghdú ar an éileamh agus ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, trí leictriú, trí tháirgeadh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa líonra a chur chun cinn nó trí thacú le héifeachtúlacht agus coigilt fuinnimh, agus ar an gcaoi sin riachtanais fuinnimh na tíre a laghdú. Ba cheart an spleáchas laghdaithe sin ar bhreoslaí iontaise a léiriú freisin i sreafaí fuinnimh trasteorann na Cipire. Is éard atá i gceist le costais iomlána na mbeart sin méid is mó go mór ná 30 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU.

(22) Agus baint an bhirt mhéadaithe C6.1I2 Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh faoi chaibidil

RePowerEU á cur san áireamh, rannchuidíonn na bearta uile atá fágtha leis an éileamh agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Spreagann roinnt acu éifeachtúlacht agus coigilt fuinnimh i bhfoirgnimh agus i bhfiontair phoiblí agus phríobháideacha, cuireann roinnt acu táirgeadh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa líonra chun cinn, agus tacaíonn roinnt eile acu le leictriú feithiclí. Leis na bearta sin, laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar leibhéal an Aontais freisin, rud a thugann údar leis an measúnú go meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an plean leasaithe go héifeachtach le cuspóirí Airteagal 19(3), pointe (da).

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 42,09 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus 94,18 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn go mór ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as, chomh maith le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. Rannchuidigh baint na mbeart faoi urrann na n-iasachtaí, go háirithe baint Idirnascaire na Mara Móire, leis an laghdú ar rannchuidiú na mbeart leis na cuspóirí aeráide. Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú glas a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 20 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. D'ainneoin an laghdaithe 4 %, níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a leasaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe dhigitigh nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 30,03 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá glanmhéadú 7 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire.

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus

athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn go mór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 20 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí.

***Costáil***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(28) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh an bhirt atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena mhodhnuithe, léirítear go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh na ríomhanna mionsonraithe agus an fhianaise leo, agus mar sin ní raibh aon athrú ar réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(29) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (d), (g), (h), (j) agus (k).

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(30) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[6], mheas an Chipir gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mar sin féin, mheas an Chipir nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc nach raibh aon ráta ionsúcháin suntasach ann, rud a thugann le fios go raibh acmhainneacht theoranta ann acmhainní breise a úsáid go héifeachtach le haghaidh tionscnaimh den sórt sin.

***Measúnú dearfach***

[6] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), (IO L 2024/795, 29.2.2024, lch 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(31) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Rannchuidiú airgeadais***

(32) Is é EUR 1 020 659 255 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire, ba cheart gurb é EUR 1,020,223,681 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Chipir.

***Iasachtaí***

(33) Cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 200 320 000 ar fáil don Chipir trí bhíthin Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, lena n-áirítear an méid seo a leanas: C2.3I1 Athsholáthar Choirokitia- Famagusta Conveyor; C2.1I11 Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn 'Idirnascaire EuroAsia'; C3.1I1 Tógáil dobharshaothraithe mhuirí; C3.4I2 Digiteáil an phróisis reachtóireachta; C3.4I6b Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise agus C3.4I9 Scéim Cabhrach don earnáil phríobháideach agus phoiblí le haghaidh deimhniú le ISO 37001 (Frithbhreabaireacht). Tá iarrtha ag an gCipir go mbainfí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí thuasluaite faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241 ach níl iarrtha aici na hacmhainní iasachta a saoradh a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú. Dá bhrí sin, níor cheart aon tacaíocht iasachta a chur ar fáil don Chipir a thuilleadh, agus ba cheart aon réamh-mhaoiniú iasachta a eisíocadh cheana a aisíoc i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta.

(34) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán. Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire mar a leanas:

1. Aisghairtear Airteagal 3.
2. cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Cipire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*